

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 11

ROGHA DO DHALTAÍ

Is maith linn uile roghanna a bheith againn - maidir leis an éadach a chaithimid, an méid bia a ithimid, na cláir teilifíse a mbímid ag breathnú orthu, an saol sóisialta a bhíonn againn srl. Mura bhfuilimid in ann rogha a dhéanamh faoin saol, éireimid agóideach agus múisiamach. Aon áit a dtugaimid rogha dár ndaltaí (ar bhealach struchtúrach, teoranta), is féidir leis éifeacht dhearfach a bheith aige ar an nasc atá acu leis an scoil agus ar an tslí a nglacfaidh siad páirt sa scoil. Ní féidir linn i gcónaí roghanna a thairiscint dár ndaltaí, ach nuair is féidir linn, cuidíonn sé chun teannas agus dearcaí diúltacha a mhaolú maidir leis an scoil.

Smaoinigh ar na bealaí seo a leanas chun roghanna a thairiscint do dhaltaí:

1. **Rogha ábhair:** an bhfuil spás nó dhó ar do thráthchlár áit ar féidir le daltaí roghnú idir dhá nó trí ábhar? Ag an dara leibhéal bíonn ar dhaltaí roghanna a dhéanamh, ach seans gur féidir linn é a oibriú isteach i dthráthchlár na bunscoile freisin. B'fhéidir go bhféadfaí seisiún amháin a úsáid le haghaidh 'Gníomhaíochtaí / Am Órga' áit ar féidir leis na daltaí ar fad sa scoil roghnú idir raon gníomhaíochtaí ar feadh téarma iomlán.
2. **Rogha gníomhaíochta / obair i gceacht:** is féidir go mbeidh amanna ann nuair a bheidh daltaí ábalta obair a dhéanamh ar ábhar áirithe m.sh. leabhar áirithe a phiocadh le léamh, cárta oibre matamaitice ar leith a phiocadh ó fhilleán srl. D'fhéadfaí é a úsáid freisin áit a mbeidh rogha ag daltaí cúig cheist a phiocadh amach as 10 gceist ar leathanach / bhileog oibre, nó is féidir leo roghnú cé acu a úsáidfídh siad leabhar nó bogearraí nó an tIdirlíon chun taighde a dhéanamh.
3. **Rogha tasc i gceacht:** b'fhéidir gur féidir leat tascanna difriúla a thabhairt do ghrúpaí difriúla (mírobair) agus is féidir le daltaí rogha a dhéanamh faoi cén tasc is mian leo a dhéanamh m.sh. in OSIE / Oideachas Sóisialta is féidir le grúpa amháin léarscáil den Fhrainc a tharraingt, gheobhaidh grúpa eile amach faoin stair, déanfaidh dalta eile taighde ar dhaoine cáiliúla as an bhFrainc, déanfaidh grúpa eile imscrúdú ar spórt / ceol / cultúr san Fhrainc srl. Féadfaidh gach grúpa tuairisc a thabhairt ar ais ansin don rang iomlán faoi cad atá foghlamtha acu.
4. **Rogha maidir le suíocháin / comhpháirtí(ithe):** Bheadh sé seo ag brath ar an leibhéal freagrachta agus muiníne is féidir leat a chur sna daltaí - is féidir leis oibriú amach go maith más mian le daltaí áirithe suí in aice a chéile agus má aontaíonn siad oibriú le chéile gan a chéile a chur ar seachrán. Nó is féidir le daltaí a gcuid páirtithe féin a roghnú chun obair i mbeirteanna / i dtríúir a dhéanamh. Bí cúramach anseo nach 'bhfágfar' aon duine amach as grúpaí nó *cliques* - seans go mbeidh sé níos oiriúnaí grúpaí a dhéanamh díobh. Laistigh de ghrúpaí is féidir rogha ról a thairiscint freisin: taifeadóir, breathnóir, léitheoir, seiceálaí, srl.
5. **Conas an obair a chur i láthair:** Tá baint aige seo le hUimh. 2 agus 3 - an féidir le daltaí a gcuid oibre a chur i láthair ó bhéal nó ar téip, scríofa le lámh nó clóscríofa, nó i bhfoirm graife (m.sh. léaráidí, meabhairmhapaí, pictiúir srl) B'fhéidir, freisin, go dtaitneodh sé leo obair thionscadail a mhaisiú ar bhealaí difriúla - obair ealaíne, imlínte, colláisí, tríthoiseach, srl. Spreag an chruthaitheacht chomh mór agus is féidir, ionas nach ndéanfaidh gach duine aithris ar chur chuige foirmeach.